AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.12.2025
COM(2025) 772 final

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN

Plean Oibre an Rialacháin maidir le Táirgí Foirgníochta (RTF) le haghaidh 2026-2029 (an chéad cheann)

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN

Plean Oibre an Rialacháin maidir le Táirgí Foirgníochta (RTF) le haghaidh 2026-2029 (an chéad cheann)

1 RÉAMHRÁ

1.1 Margadh aonair le haghaidh táirgí foirgníochta

Leis an Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta (RTF)[1], leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú san Aontas. Áirithítear leis an Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta feidhmiú rianúil an mhargaidh aonair agus saorghluaiseacht táirgí foirgníochta san Aontas. Déantar amhlaidh go príomha trí shonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe, a sholáthraíonn teanga theicniúil choiteann maidir leis an gcaoi ar féidir feidhmíocht táirgí foirgníochta a mheasúnú agus a chur in iúl (e.g. imoibriú le dóiteán, seoltacht theirmeach nó airíonna inslithe fuaime). Tá sé éigeantach caighdeáin a úsáid tar éis iad a dhéanamh éigeantach trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. Áirithítear leis an RTF go mbeidh faisnéis iontaofa ar fáil do ghairmithe, d'údaráis phoiblí agus do thomhaltóirí, sa chaoi gur féidir leo comparáid a dhéanamh idir feidhmíocht táirgí foirgníochta ó mhonaróirí éagsúla i mBallstáit éagsúla an Aontais[2].

De réir Airteagal 4(2) den Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta, 'bunóidh an Coimisiún plean oibre chun sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe a fhorbairt d'fhinte táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn VII, lena n-áirítear ceanglais táirge chomh maith le faisnéis ghinearálta táirge, treoracha úsáide agus faisnéis sábháilteachta, lena gcumhdaítear an tréimhse 3 bliana ina dhiaidh sin ar a laghad.' Chuige sin, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le Grúpa Saineolaithe *Acquis* an RTF[3] sa chéad leath de 2025.

Tá sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún an chéad phlean oibre sin a fhoilsiú tráth nach déanaí ná an 8 Eanáir 2026. Cumhdaítear leis 2026 go 2029. Ós rud é nach mór don Choimisiún an plean oibre a athnuachan agus a thabhairt cothrom le dáta gach 3 bliana ar a laghad, foilseofar an chéad phlean oibre eile faoi dheireadh 2028 ar a dhéanaí.

Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus na Ballstáit ar an eolas gach bliain ag deireadh na bliana faoin dul chun cinn atá déanta maidir leis an bplean oibre a chur chun feidhme – den chéad uair ag deireadh 2026.

Rannchuideoidh an plean oibre sin freisin le haidhmeanna an Chompáis Iomaíochais[4] a glacadh le déanaí, trí chuidiú leis an mbearna nuálaíochta a dhúnadh agus chun borradh a chur faoin iomaíochas, faoin dícharbónú agus faoi shlándáil eacnamaíoch an Aontais. Thairis sin, is féidir leis cuidiú le príomh-mhargaí a fhorbairt le haghaidh táirgí inbhuanaithe agus ciorclacha, i

[1] Rialachán (AE) 2024/3110 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 305/2011, IO L, 2024/3110, 18.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/3110/oj.
[2] Agus i dtíortha LEE, san Eilvéis agus sa Tuirc
[3] Grúpa Saineolaithe *acquis* an RTF (E03776); Clár shainghrúpaí an Choimisiúin agus eintitis comhchosúil eile..
[4] Compás Iomaíochais COM(2025) 30 final.

gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan[5]" a rinneadh le déanaí, leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le Cruach agus Miotail[6], leis an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh[7], agus le straitéis Bhithgheilleagair 2025 an Aontais[8]. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an Gníomh um an nGeilleagar Ciorclach a ghlacadh chun borradh a chur faoin soláthar ábhar tánaisteach ardcháilíochta agus faoin éileamh orthu, agus an Gníomh um Dhlús a Chur le Gníomhaíocht Thionsclaíoch[9] chun na tionscnaimh sin a chomhlánú.

Is rannchuidiú tábhachtach é an RTF le huaillmhian an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan ceannaire domhanda a dhéanamh den Aontas maidir leis an ngeilleagar ciorclach faoi 2030. Beidh glacadh sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe faoin RTF – arna gcomhlánú le bearta lena dtacaítear le ciorclaíocht na hearnála tógála sa Ghníomh um an nGeilleagar Ciorclach atá ar na bacáin – lárnach chun ár ngeilleagair a dhéanamh níos iomaíche agus níos ciorclaí toisc go soláthraíonn siad timpeallacht rialála iomlán iontaofa agus go gcuireann siad príomh-mhargaí le haghaidh táirgí inbhuanaithe agus ciorclacha chun cinn. I mbeagán focal, déanfaidh an RTF ár sprioc maidir le geilleagar an Aontais atá glan, dícharbónaithe agus tíosach ar acmhainní a chur go mór chun cinn.

Beidh an RTF ina phríomhghné den Straitéis Eorpach um Thógáil Tithíochta freisin[10] trí nuálaíocht a éascú agus iomaíochas an tionscail a fheabhsú. Trí chaighdeáin chomhchuibhithe nua a fhorbairt, trí na caighdeáin atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta maidir leis an úrscothacht agus trí Dhoiciméid um Measúnú Eorpach (EADanna) a fhorbairt le haghaidh táirgí nuálacha, is féidir leis an RTF tacú le cur in úsáid brostaithe na monaraíochta lasmuigh den láthair, rud a mhéadóidh táirgiúlacht éiceachóras foriomlán na foirgníochta agus a chuideoidh le dul i ngleic leis an nganntanas tithíochta trí agaí tógála a laghdú. Tacóidh tabhairt isteach an Phas Táirge Dhigitigh le digiteáil éiceachóras na foirgníochta.

1.2 Próiseas *acquis* an RTF

In 2020, chuir an Coimisiún tús le próiseas *acquis* an RTC, mar a thugtar air, faoi RTF-2011[11] arb é is aidhm dó riachtanais theicniúla agus rialála na bpáirtithe leasmhara agus na mBallstát a bhailiú chun iarrataí mionsonraithe ar chaighdeánú, gníomhartha tarmligthe, ceanglais táirge agus faisnéis faoi tháirgí a chruthú. Leis sin, is féidir na caighdeáin chomhchuibhithe uile atá ann cheana faoin RTF a thabhairt cothrom le dáta agus a raon feidhme a leathnú chun táirgí nua a chumhdach.

In 2021, bhunaigh an Coimisiún Sainghrúpa *acquis* an RTF agus roinnt Foghrúpaí chun obair phróiseas *acquis* an RTC a struchtúrú. Tá gach Foghrúpa ag obair ar cheann amháin nó níos mó

[5] An Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan: Treochlár comhpháirteach don iomaíochas agus don dícharbónú COM(2025) 85 final.
[6] Plean Gníomhaíochta Eorpach maidir le Cruach agus Miotail COM(2025) 125 final.
[7] Treoir (AE) 2024/1275 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (athmhúnlú), IO L, 2024/1275, 8.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1275/oj
[8] I dtreo bithgheilleagar ciorclach, athghiniúnach agus iomaíoch
[9] An Gníomh um Dhlús a Chur leis an Dícharbónú Tionsclaíoch - borradh a chur faoin dícharbónú
[10] Straitéis Eorpach um thógáil tithíochta
[11] Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Treoir 89/106/CEE ón gComhairle, IO L 88, 4.4.2011, lgh. 5-43 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/305/oj.

de na finte táirgí a leagtar amach anois in Iarscríbhinn VII den RTF. Ina theannta sin, bunaíodh trí Fhoghrúpa chothrománacha (maidir le hinbhuanaitheacht comhshaoil, sábháilteacht dóiteáin agus substaintí contúirteacha).

Le hAirteagal 4 den RTF, déantar an próiseas a chur ar bhonn foirmiúil agus sainítear cúraimí an Choimisiúin agus freagrachtaí na mBallstát agus na bpáirtithe leasmhara eile sa phróiseas. Rinneadh struchtúr an Ghrúpa Saineolaithe a ailíniú leis an rialachán nua in earrach 2025. Moltar do chumainn Eorpacha agus do ENRanna iarratas a dhéanamh chun bheith ina gcomhaltaí den Ghrúpa Saineolaithe nó i gceann amháin nó níos mó de na Foghrúpaí[12] chun cur leis an obair.




Fíor 1: Struchtúr Ghrúpa Saineolaithe *acquis* an RTF agus a Fhoghrúpaí

1.3 Garspriocanna phróiseas *acquis* an RTF

Leanann an obair i bhfine táirgí ar leith garspriocanna réamhshainithe le teacht i bhfeidhm sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe (caighdeáin chomhchuibhithe agus gníomhartha tarmligthe a ghabhann leo) mar sheachadadh críochnaitheach. Cuirfear tús leis an gcéad timthriall oibre eile i bhfine táirgí ar leith nuair a fheiceann na Ballstáit agus páirtithe leasmhara ábhartha eile gur gá na sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe faoi seach a thabhairt cothrom le dáta. Is iondúil go dtosaíonn na saineolaithe sna heagraíochtaí um chaighdeánú ag dul i gcomhairle maidir leis an ngá atá le hathbhreithnithe ar chaighdeáin cúig bliana tar éis na caighdeáin a chur faoi bhráid an Choimisiúin acu[13]. Tar éis na gcomhairliúchán sin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle freisin le Foghrúpaí faoi seach de chuid Ghrúpa Saineolaithe *acquis* an RTF.

[12] Glaonna a bhíonn oscailte i gcónaí le haghaidh iarratais ar Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin.
[13] Féach e.g. Athbhreithniú ar Chaighdeáin Eorpacha



Fíor 2: Garspriocanna phróiseas *acquis* an RTF

1.3.1 Garsprioc 0

Tá an gharsprioc sin roghnach agus déileálann sí le modhanna measúnaithe a fhorbairt.

I gcás nach bhfuil aon mhodh measúnaithe Eorpach (atá cothrom le dáta) ann le haghaidh saintréithe fíor-riachtanacha tábhachtacha nó ceanglais táirge agus go mbeidh roinnt ama agus acmhainní breise ag teastáil chun é / iad a fhorbairt nó a thabhairt cothrom le dáta taobh amuigh de na cinn a theastaíonn de ghnáth, is féidir dlús a chur le hobair *acquis* an RTF níos déanaí trí thionscadal a thosú faoi ghlao oscailte EISMEA nó faoi ionstraimí maoiniúcháin eile chun é / iad a fhorbairt nó a thabhairt cothrom le dáta.

Féadfar tús a chur le garsprioc 0 roimh chinneadh Shainghrúpa *acquis* an RTF chun tús a chur go hoifigiúil leis an obair san Fhoghrúpa faoi seach.

1.3.2 Tús na hoibre i bhFoghrúpa:

Aontaíonn an Coimisiún leis na Ballstáit agus le comhaltaí eile de Ghrúpa Saineolaithe *acquis* an RTF tús a chur leis an timthriall oibre a bhaineann le fine táirgí san Fhoghrúpa faoi seach de Shainghrúpa *acquis* an RTF ag an am a leagtar amach sa phlean oibre.

Is é an chéad chéim clár oibre an Fhoghrúpa a leagan amach: Tiocfaidh comhaltaí an Fhoghrúpa ar chomhaontú maidir leis na táirgí insoláthartha sonracha agus maidir le hamchlár táscach chun ábhar teicniúil na hiarrata ar chaighdeánú agus na ngníomhartha tarmligthe a ghabhann léi a ullmhú.

1.3.3 Garsprioc I

Pléann Garsprioc I leis an sainmhíniú ar raon feidhme na fine táirgí. Cinneann an Foghrúpa ar dtús cé na táirgí, lena n-áirítear na hábhair agus na húsáidí atá beartaithe laistigh den fhine táirgí, ar cheart iad a áireamh i raon feidhme na hoibre sa timthriall oibre seo (e.g. ní gá gach táirge insamhlaithe a chomhchuibhiú, ní gá na caighdeáin chomhchuibhithe uile atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta san am céanna). Ní mór do Shainghrúpa *acquis* an RTF an cinneadh sin a fhormhuiniú.

1.3.4 Garsprioc II

Baineann Cloch Mhíle II le boird theicniúla an Fhoghrúpa a chruthú (nuair is ábhartha). Má tá an raon feidhme sainithe faoi Gharsprioc I leathan agus má áirítear táirgí ilchineálacha ann, is féidir le rannpháirtithe an Fhoghrúpa an obair a roinnt ar roinnt bord teicniúil (meithleacha laistigh den Fhoghrúpa).

1.3.5 Garsprioc III

Baineann Garsprioc III le hullmhú an ábhair theicniúil (struchtúr ardleibhéil na sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe) le haghaidh na hiarrata ar chaighdeánú agus na ngníomhartha tarmligthe a ghabhann leis. Is í sin an gharsprioc is tábhachtaí lena ndéantar an phríomhobair. Ar bhonn riachtanais rialála na mBallstát, thosaíochtaí an Choimisiúin (e.g. tosaíochtaí a bhaineann leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan nó an Gníomh um an nGeilleagar Ciorclach), tuairimí ón tionscal, ó thomhaltóirí agus ó pháirtithe leasmhara eile, bailíonn an Foghrúpa an méid seo a leanas agus is é is aidhm dó teacht ar chomhaontú maidir leis an méid seo a leanas:

(a) Buncheanglais le haghaidh oibreacha foirgníochta (Iarscríbhinn I a ghabhann leis an RTF)

  (1) Saintréithe fíor-riachtanacha, lena n-áirítear tairseacha agus aicmí feidhmíochta agus modhanna measúnaithe a shainaithint;

  (2) Doiciméadacht faoin táirge agus / nó ríomh chun feidhmíocht na hiompraíochta struchtúraí a chur in iúl (nuair is ábhartha);

  (3) Clásail maidir le measúnú agus fíorú (AV) agus seiceálacha maidir le rialú ar tháirgeadh monarchan (FPC);

  (4) Neamhréireachtaí i / le rialacháin tógála náisiúnta;

(b) Saintréithe fíor-riachtanacha comhshaoil réamhchinntithe (Iarscríbhinn II a ghabhann leis an RTF)

(c) Faisnéis ghinearálta faoi tháirgí, treoracha úsáide agus faisnéis sábháilteachta (Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an RTF)

(d) Ceanglais táirge (Iarscríbhinn III den RTF)

  (1) Ceanglais lena n-áirithítear feidhmiú agus feidhmíocht iomchuí;

  (2) Ceanglais maidir le sábháilteacht táirgí;

  (3) Ceanglais chomhshaoil táirgí;

(e) Córais mheasúnaithe agus fíoraithe is infheidhme (Iarscríbhinn IX den RTF)

Seiceálfaidh an Foghrúpa cé acu a léiríonn nó nach léiríonn an toradh na riachtanais rialála náisiúnta go leordhóthanach. Cuirfear toradh Gharsprioc III faoi bhráid Shainghrúpa *acquis* an RTF.

1.3.6 Garsprioc IV

Déileálann Garsprioc IV leis an bpróiseas críochnaitheach chun an iarraidh ar chaighdeánú a ghlacadh le haghaidh caighdeáin chomhchuibhithe a dhéileálann le feidhmíocht agus leis na gníomhartha dlí breise a bhaineann leo (e.g. aicmí, tairseacha, dearbhú éigeantach nó lipéid).

Tar éis Garsprioc III a fhormhuiniú ag Sainghrúpa *acquis* an RTF, dréachtóidh an Coimisiún an iarraidh ar chaighdeánú faoi seach (gníomh cur chun feidhme lena ngabhann nós imeachta scrúdúcháin faoin Rialachán um Chaighdeánú)[14] bunaithe ar dhoiciméad Gharsprioc III. Tar éis dul i gcomhairle le Sainghrúpa *acquis* RTF, cuirfidh an Coimisiún an iarraidh ar chaighdeánú faoi bhráid an Choiste Eorpaigh um Chaighdeánú[15] go foirmiúil agus glacfaidh sé í tar éis vóta dearfach a fháil ó na Ballstáit.

An gá atá le ceanglais táirge a bhunú, féadfaidh Garsprioc III an gá sin a shainaithint freisin. Sa chás sin, glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe ina leagfar amach ceanglais maidir le táirgí tar éis dó an caighdeán comhchuibhithe feidhmíochta áirithe a dhéanamh éigeantach (féach 1.3.8) agus, más gá, eiseoidh sé iarraidh ar leithligh ar chaighdeánú chun caighdeáin chomhchuibhithe (dheonacha) a fhorbairt chun toimhde comhréireachta leis na ceanglais táirge a sholáthar.

1.3.7 An caighdeán feidhmíochta comhchuibhithe a dhréachtú

Cuirfear na hiarrataí ar chaighdeánú arna nglacadh faoi bhráid na heagraíochta ábhartha um chaighdeánú lena nglacadh (CEN de ghnáth ach d'fhéadfadh CENELEC a bheith i gceist le haghaidh táirgí leictreacha amhail cáblaí). Glacfaidh an eagraíocht um chaighdeánú leis na caighdeáin agus déanfaidh sí iad a ullmhú, a fhoilsiú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin lena ngrinnscrúdú. Chun seachadadh tráthúil a áirithiú, tá an obair faoi réir sprioc-amanna a shainítear san iarraidh ar chaighdeánú.

1.3.8 An caighdeán a dhéanamh éigeantach

Seiceálfaidh an Coimisiún cé acu atá nó nach bhfuil na caighdeáin i gcomhréir leis an iarraidh ar chaighdeánú agus cé acu atá nó nach bhfuil siad ailínithe leis an gcreat dlíthiúil Eorpach agus ansin glacfaidh sé gníomh cur chun feidhme lena ngabhann nós imeachta comhairleach chun an caighdeán a dhéanamh éigeantach. San am céanna, glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe chun tacú leis na haicmí, na tairseacha agus na dearbhuithe éigeantacha is infheidhme a áirítear sna caighdeáin a thiocfaidh i bhfeidhm an tráth céanna leis an ngníomh cur chun feidhme.

1.4 Obair *acquis* an RTF ar Fhinte Táirgí 2020-2025

Idir 2020 agus an chéad ráithe de 2025, cuireadh tús leis an obair in 14 Fhoghrúpa a dhéileálann le finte táirgí. Cinneadh na sruthanna oibre maidir le táirgí / eilimintí adhmaid struchtúracha agus gabhálais (fine táirgí 13) a chumasc le painéil agus eilimintí de bhunús adhmaid (fine táirgí 14). Go dtí seo, ghlac an Coimisiún trí cinn d'iarrataí ar chaighdeánú ar bhonn na hoibre sin le haghaidh 21 chaighdeán chomhchuibhithe, ceithre chaighdeán tacaíochta agus tuarascáil theicniúil amháin (an chéad dá cheann fós faoi RTF-2011):

- Táirgí coincréite réamhtheilgthe normálta/éadroma/aeraithe uathchlábhaithe (fine táirgí 1)[16]
- Táirgí struchtúracha miotalacha agus gabhálais (fine táirgí 20)[17]

[14] Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 maidir le caighdeánú Eorpach, IO L 316, 14.11.2012, lgh. 12–33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.
[15] Coiste arna bhunú in Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 maidir le caighdeánú Eorpach, IO L 316, 14.11.2012, lgh. 12–33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.
[16] Ardán eNorm
[17] Ardán eNorm

- Stroighin, aolta tógála agus greamaitheoirí hiodrálacha eile (fine táirgí 15)[18]

Tá ceithre iarraidh eile ar chaighdeánú á n-ullmhú faoi láthair:

- Cruach threisiúcháin agus réamhstrusála do choincréit (agus gabhálais) - Pacáistí feistiúcháin iartheannta (fine táirgí 16)
- Doirse, fuinneoga, comhlaí, geataí agus crua-earraí tógála gaolmhara (fine táirgí 2)
- Táirgí inslithe theirmigh - Pacáistí / córais inslithe ilchodacha (fine táirgí 4)
- Gloine chomhréidh, gloine phróifílithe agus táirgí bloic ghloine (fine táirgí 30)

2 MODHEOLAÍOCHT AGUS LEAGAN AMACH TOSAÍOCHTAÍ DO PHLEAN OIBRE AN RTF

Leagtar amach in Airteagal 4(2) den RTF an méid seo a leanas: 'leagfaidh an Coimisiún síos tosaíochtaí an phlean oibre trí úsáid a bhaint as modheolaíocht thrédhearcach chothrom, a fhoilseofar in éineacht leis an bplean oibre. Leis an modheolaíocht sin, léireofar ar a laghad riachtanais rialála na mBallstát, na saincheisteanna sábháilteachta a bhaineann le hoibreacha foirgníochta agus táirgí foirgníochta agus spriocanna an Aontais maidir leis an aeráid agus leis an ngeilleagar ciorclach.'

Leanann plean oibre an RTF cur chuige atá cosúil leis an bplean oibre[19] don Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe (ESPR)[20]. Mar sin féin, tá príomhdhifríocht ann ó thaobh ábhair: Den chuid is mó, leagtar amach i bplean oibre an RTF an amlíne maidir le sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe nua a fhorbairt le haghaidh gach fine táirgí in Iarscríbhinn VII den RTC. Le linn na hoibre i bhFoghrúpaí sonracha de Shainghrúpa *acquis* an RTF maidir leis na finte táirgí faoi seach, agus lena linn sin amháin, sainaithneofar cé na táirgí, na saintréithe fíor-riachtanacha, na haicmí, na tairseacha, na ceanglais táirge, na lipéid, an fhaisnéis faoi tháirgí, etc. ba cheart a rialáil agus déanfar cinneadh ina leith.

Dá bhrí sin, díríonn an mhodheolaíocht thrédhearcach chothrom is gá go príomha ar ord ceart na bhfinte táirgí inar cheart sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe a fhorbairt nó a thabhairt cothrom le dáta.

Is é croíchuid na modheolaíochta sin a chinneadh conas ord tosaíochta a shocrú chun obair Foghrúpaí ina dhiaidh sin a sheoladh. Is é an túsphointe an t-ord a bunaíodh in 2020[21]. Bhí sé bunaithe ar chomhairliúchán maidir le tosaíochtaí na mBallstát le haghaidh *acquis* an RTF faoi RTC-2011. Iarradh ar na Ballstáit an seicheamh inar cheart tús a chur leis an obair ar 34 fhine táirgí a léiriú. Mar thoradh ar an gcomhairliúchán sin, cuireadh an t-ord tosaíochta i láthair bunaithe ar na hocht gcritéar seo a leanas:[22]:

1. Riachtanais rialála na mBallstát,

[18] Ardán eNorm
[19] ESPR agus Plean Oibre maidir le Lipéadú Fuinnimh 2025-30
[20] Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a shocrú, lena leasaítear Treoir (AE) 2020/1828 agus Rialachán (AE) 2023/1542 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) IO L, 2024/1781, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1781/oj
[21] *Acquis* - An Coimisiún Eorpach
[22] https://ec.europa.eu/docsroom/documents/42128/attachments/1/translations/en/renditions/native

2. Saincheisteanna sábháilteachta a bhaineann leis na buncheanglais le haghaidh oibreacha foirgníochta,
3. Saincheisteanna bunúsacha sábháilteachta maidir leis na táirgí foirgníochta,
4. Saincheisteanna comhshaoil, lena n-áirítear fuinneamh agus inbhuanaitheacht,
5. Méid mhargadh an Aontais ó thaobh méid,
6. Trádáil trasteorann,
7. Trádáil trasteorann a d'fhéadfadh a bheith ann, agus
8. Caighdeáin chomhchuibhithe a bheith neamhiomlán nó gan a bheith ann.

Tábla 1 - Liosta na dtosaíochta tosaigh, finte táirgí agus sainorduithe[23]

Tosaíocht 2020	Uimh. na Fine Táirgí	Fine Táirgí	An Sainordú um Chaighdeánú a bhí ann roimhe seo	Cód litreach
01	01	Táirgí coincréite réamhtheilgthe normálta/éadroma/aeraithe uathchlábhaithe	M100 Táirgí coincréite réamhtheilgthe	PCP
02	20	Táirgí miotalacha struchtúracha agus gabhálais	M120 Táirgí miotalacha struchtúracha	SMP
03	16	Cruach threisiúcháin agus réamhstrusála do choincréit (agus gabhálais) - Pacáistí feistiúcháin iartheannta	M115 Cruach threisiúcháin	RPS
04	02	Doirse, fuinneoga, comhlaí, geataí agus crua-earraí tógála gaolmhara	M101 Doirse, fuinneoga	DWS
05	15	Stroighin, aolta tógála agus greamaitheoirí hiodrálacha eile	M114 Stroighin	CEM
06	04	Táirgí inslithe theirmigh [- Pacáistí feistiúcháin/ córais um insliú comhchodach]	M103 Táirgí inslithe theirmigh	TIP
07	13	Táirgí/eilimintí adhmaid struchtúracha agus gabhálais	M112 Táirgí adhmaid struchtúracha agus gabhálais	STP
08	26	Táirgí a bhaineann le coincréit, le moirtéal agus le leachtmhoirtéal	M128 Coincréit, moirtéal & leachtmhoirtéal	CMG
09	17	Saoirseacht agus táirgí gaolmhara - Aonaid saoirseachta, moirtéil agus gabhálais	M116 Saoirseacht	MAS
10	24	Tathaguithe	M125 Tathaguithe	AGG
11	10	Trealamh comhraicthe dóiteáin feistithe (táirge aláraim dóiteáin/braite dóiteáin, táirge comhraicthe dóiteáin feistithe, táirge rialaithe dóiteáin agus deataigh agus táirge plúchta pléisce)	M109 Trealamh daingnithe comhraic dóiteáin	FFF
12	23	Táirgí tógála bóithre	M124 Táirgí tógála bóithre	RCP
13	19	Urlárlaigh	M119 Urláir	FLO
14	04	[Táirgí inslithe theirmigh] - Pacáistí feistiúcháin / córais um insliú chomhchodach	M489 ETICS	
15	09	Imbhalla/cumhdach/gloiniú séalaithe structúrach	M108 Imbhalla	CWP
16	14	Painéil de bhunús adhmaid agus eilimintí	M113 Painéil de bhunús adhmaid	WBP
17	05	Imthacaí struchtúracha - Pionnaí le haghaidh siúntaí struchtúracha	M104 Imthacaí struchtúracha	SBE
18	34	Pacáistí feistiúcháin foirgníochta, aonaid agus eilimintí réamhdhéanta	Pacáistí feistiúcháin agus táirgí cóimeáilte	KAS

[23] https://ec.europa.eu/docsroom/documents/42129/attachments/1/translations/en/renditions/native

Tosaí ocht 2020	Uimh. na Fine Táirgí	Fine Táirgí	An Sainordú um Chaighdeánú a bhí ann roimhe seo	Cód litreach
			de chuid na bhfinte thuas	
19	21	Bailchríocha do bhallaí inmheánacha & seachtracha agus do shíleálacha - Pacáistí feistiúcháin spiara inmheánaigh	M121 Bailchríocha do bhallaí agus do shíleálacha	WCF
20	27	Fearais téimh spáis	M129 Fearais téimh spáis	SHA
21	22	Clúdaigh dín, soilse dín, fuinneoga dín, agus táirgí coimhdeacha - Pacáistí dín	M122 Clúdaigh Dín	ROC
22	12	Daingneáin chúrsaíochta: trealamh bóithre	M111 Daingneáin chúrsaíochta	CIF
23	18	Táirgí innealtóireachta fuíolluisce	M118 Diúscairt fuíolluisce	WWD
24	25	Greamacháin foirgníochta	M127 Greamachán	ADH
25	07	Táirgí gipsim	M106 Gipseam	GYP
26	33	Suitigh	Ní bhaineann le hábhar	FIX
27	03	Scannáin, lena n-áirítear scannáin leachtchurtha agus pacáistí feistiúcháin (i gcomhair rialú ar uisce agus/nó galuisce)	M102 Scannáin	MEM
28	30	Gloine chomhréidh, gloine phróifilithe agus táirgí bloic gloine	M135 Gloine	GLA
29	08	Geoiteicstílí, geoscannáin agus táirgí gaolmhara	M107 Geoiteicstílí	GEO
30	11	Fearais sláintíochta	M110 Fearais sláintíochta	SAP
31	28	Píopaí-umair agus gabhálais nach bhfuil i dteagmháil le huisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine	M131 Píopaí, umair nach bhfuil i dteagmháil le DW	PTA
32	31	Cáblaí cumhachta, rialaithe agus cumarsáide	M443 Cáblaí cumhachta, rialaithe agus cumarsáide	CAB
33	06	Simléir, múcháin agus táirgí sonracha	M105 Simléar	CHI
34	32	Séaltáin do shiúntaí	M474 Séaltáin le haghaidh úsáid neamhstruchtúrach i siúntaí i bhfoirgnimh agus i gcosáin do choisithe	SEA
Ní bhaineann le hábhar	29	Táirgí foirgníochta atá i dteagmháil le huisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine	Ní bhaineann le hábhar	DWP
Ní bhaineann le hábhar	35	Táirgí coiscthe, dúnta agus cosanta dóiteáin, táirgí dómhoillitheacha - Táirgí dómhoillitheacha	Ní bhaineann le hábhar	FPP
Ní bhaineann le hábhar	36	Dréimirí ceangailte	Ní bhaineann le hábhar	LAD

Ós rud é go bhfuil an obair ar cuireadh tús léi faoi RTF-2011 fós ar siúl, mhol an Coimisiún do Shainghrúpa *acquis* an RTF go luath in 2025 an t-ord a bunaíodh in 2020 a choinneáil ar bun den chuid is mó, toisc gur léirigh sé fós riachtanais rialála na mBallstát, na saincheisteanna sábháilteachta a bhaineann le hoibreacha agus táirgí foirgníochta, agus spriocanna aeráide agus

geilleagair chiorclaigh an Aontais[24]. Mhol an Coimisiún an t-ord a bunaíodh roimhe seo a thabhairt cothrom le dáta beagán chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(1) oiriúnú d'athruithe thosaíochtaí na mBallstát maidir lena riachtanais rialála;

(2) machnamh a dhéanamh ar thosaíochtaí reatha an Choimisiúin, go háirithe maidir leis an bPlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne, an Straitéis Eorpach um Thógáil Tithíochta, an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, an Gníomh um an nGeilleagar Ciorclach agus straitéis Bhithgheilleagair an Aontais maidir leis an gcaoi ar féidir tionscnaimh den sórt sin a chomhlánú leis an RTF.

(3) a áirithiú go léireofar raon feidhme an RTF go hiomlán trí na finte táirgí uile a liostaítear in Iarscríbhinn VII a áireamh.

(4) gníomhaíochtaí cur chun feidhme an Rialacháin maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe a shioncrónú leis an obair ar *acquis* an RTF, lena n-áirithítear go ndéanfar obair san am céanna ar tháirgí (cosúla) a chumhdaítear leis an dá rialachán.

(5) gníomhaíochtaí a chuíchóiriú más féidir an obair ar dhá fhine táirgí a chomhcheangal in aon Fhoghrúpa amháin.

Ba é an toradh a bhí ar an gcomhairliúchán le Sainghrúpa *acquis* an RTF an t-ord seo a leanas chun tús a chur leis an obair i bhFoghrúpaí sonracha.

Tábla 2 - Liosta nua tosaíochta d'fhinte táirgí

Tosaíochtanua / stádas	Tosaíocht 2020	Uimh. na Fine Táirgí	Fine Táirgí	Cód litreach	Tús curtha le hobair *acquis* an RTF
SReq. glactha[25]	01	01	Táirgí coincréite réamhtheilgthe normálta/éadroma/aeraithe uathchlábhaithe	PCP	Thosaigh
SReq. glactha	02	20	Táirgí miotalacha struchtúracha agus gabhálais	SMP	Thosaigh
SReq. glactha	03	16	Cruach threisiúcháin agus réamhstrusála do choincréit (agus gabhálais) - Pacáistí feistiúcháin iartheannta	RPS	Thosaigh
Ullmhú an SReq.	04	02	Doirse, fuinneoga, comhlaí, geataí agus crua-earraí tógála gaolmhara	DWS	Thosaigh
SReq. glactha	05	15	Stroighin, aolta tógála agus greamaitheoirí hiodrálacha eile	CEM	Thosaigh
Ullmhú an SReq.	06	04	Táirgí inslithe theirmigh - Pacáistí feistiúcháin / córais um insliú comhchodach	TIP	Thosaigh
Ullmhú an SReq.	28	30	Gloine chomhréidh, gloine phróifilithe agus táirgí bloic gloine	GLA	Thosaigh
01	07	13	Táirgí/eilimintí adhmaid struchtúracha agus gabhálais	STP	Thosaigh
	16	14	Painéil de bhunús adhmaid agus eilimintí	WBP	Thosaigh
02	08	26	Táirgí a bhaineann le coincréit, le moirtéal agus le leachtmhoirtéal	CMG	Thosaigh
03	09	17	Saoirseacht agus táirgí gaolmhara - Aonaid saoirseachta, moirtéil agus gabhálais	MAS	Thosaigh
04	10	24	Tathaguithe	AGG	Thosaigh
05	15	09	Imbhalla/cumhdach/gloiniú séalaithe structúrach	CWP	Thosaigh

[24] Féach an Clár de Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus d'eintitis eile den chineál céanna
[25] Is éard is brí le SReq iarraidh ar chaighdeánú

Tosaíocht nua / stádas	Tosaíocht 2020	Uimh. na Fine Táirgí	Fine Táirgí	Cód litreach	Tús curtha le hobair *acquis* an RTF
06	11	10	Trealamh comhraicthe dóiteáin feistithe (táirge aláraim dóiteáin/braite dóiteáin, táirge comhraicthe dóiteáin feistithe, táirge rialaithe dóiteáin agus deataigh agus táirge plúchta pléisce)	FFF	Níl
07	12	23	Táirgí tógála bóithre	RCP	Níl
08	13	19	Urlárlaigh	FLO	Níl
09	18	34	Pacáistí feistiúcháin foirgníochta, aonaid agus eilimintí réamhdhéanta	KAS	Níl
	Ní bhaineann le hábhar	36	Dréimirí ceangailte	LAD	Níl
10	19	21	Bailchríocha do bhallaí inmheánacha & seachtracha agus do shíleálacha - Pacáistí feistiúcháin spiara inmheánaigh	WCF	Níl
11	25	07	Táirgí gipsim	GYP	Níl
12	17	05	Imthacaí struchtúracha - Pionnaí le haghaidh siúntaí struchtúracha	SBE	Níl
13	20	27	Fearais téimh spáis	SHA	Níl
14	21	22	Clúdaigh dín, soilse dín, fuinneoga dín, agus táirgí coimhdeacha - Pacáistí dín	ROC	Níl
15	22	12	Daingneáin chúrsaíochta: trealamh bóithre	CIF	Níl
16	23	18	Táirgí innealtóireachta fuíolluisce	WWD	Níl
17	24	25	Greamacháin foirgníochta	ADH	Níl
	34	32	Séaltáin do shiúntaí	SEA	Níl
18	Ní bhaineann le hábhar	35	Táirgí coiscthe, dúnta agus cosanta dóiteáin, táirgí dómhoillitheacha - Táirgí dómhoillitheacha	FPP	Níl
19	26	33	Suitigh	FIX	Níl
20	27	03	Scannáin, lena n-áirítear scannáin leachtchurtha agus pacáistí feistiúcháin (i gcomhair rialú ar uisce agus/nó galuisce)	MEM	Níl
21	29	08	Geoiteicstílí, geoscannáin agus táirgí gaolmhara	GEO	Níl
22	30	11	Fearais sláintíochta	SAP	Níl
23	31	28	Píopaí-umair agus gabhálais nach bhfuil i dteagmháil le huisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine	PTA	Níl
24	Ní bhaineann le hábhar	29	Táirgí foirgníochta atá i dteagmháil le huisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine	DWP	Níl
25	32	31	Cáblaí cumhachta, rialaithe agus cumarsáide	CAB	Níl
26	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar	Péinteanna maisiúla agus páipéir balla mhaisiúla	DPW	Níl
27	33	06	Simléir, múcháin agus táirgí sonracha	CHI	Thosaigh[26]

[26] Tá an t-ábhar teicniúil á fhorbairt ag CEN chun iarraidh ar chaighdeánú a ghlacadh atá le glacadh in 2026, lena gcumhdófar go páirteach raon feidhme an Fhoghrúpa seo. Pléifear na táirgí eile (simléir a sheasann) san ord a bhunaítear sa tábla.

3 BEARTA COTHROMÁNACHA

Tugtar tuairisc i gCaibidil 3 agus i gCaibidil 4 ar na gníomhaíochtaí coincréiteacha atá beartaithe do 2026 go 2029.

3.1 Leasú ar Iarscríbhinn VII (liosta na bhfinte táirgí)

Leasóidh an Coimisiún Iarscríbhinn VII chun í a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil:

- Áireofar leis sin finte táirgí 34 'Pacáistí tógála, aonaid, agus eilimintí réamhdhéanta' agus 36 'Dréimirí ceangailte' a chumasc, ós rud é nach fine táirgí neamhspleách iad na finte sin.
- Ina theannta sin, cruthófar fine táirgí nua ar a dtabharfar 'Péinteanna maisiúla agus páipéir balla mhaisiúla'. Tá páipéar balla i bhfine táirgí 21 faoi láthair ach is fearr a oireann sé do ghrúpa ar leith in éineacht le péinteanna maisiúla. Nuair a rialóidh ESPR péinteanna, beidh sé d'aidhm ag an gCoimisiún péinteanna tógála a rialáil go comhlántach laistigh de chreat rialála an RTF.
- Áireofar sa leasú freisin ainm fhine táirgí 27 'Pacáistí téimh spáis' a leathnú chuig 'Pacáistí téimh agus fuaraithe' chun gach pacáiste téimh agus fuaraithe a áireamh, agus ainm fhine táirgí 31 'Cáblaí cumhachta, rialaithe agus cumarsáide' a leathnú chuig 'Cáblaí cumhachta, rialaithe agus cumarsáide, táirgí agus gabhálais leictreacha agus leictreonacha'.
- Ar deireadh, athainmneofar fine táirgí 22 'Clúdaigh dín, soilse dín, fuinneoga dín, agus táirgí coimhdeacha - Pacáistí dín' mar 'Clúdaigh dín agus táirgí coimhdeacha - Pacáistí dín agus grianphainéil' toisc go bhfuil soilse dín agus fuinneoga dín san áireamh cheana féin i bhfine táirgí 2 'Doirse, fuinneoga, comhlaí, geataí agus crua-earraí tógála gaolmhara' agus ní luaitear grianphainéil go dtí seo.

3.2 Obair sna Foghrúpaí cothrománacha (dóiteáin, inbhuanaitheacht comhshaoil agus substaintí contúirteacha)

3.2.1 Dóiteán

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe maidir le dó-obacht táirgí foirgníochta agus a n-imoibriú le dóiteán. Thairis sin, déanfar athbhreithniú in 2026 ar an ngníomh tarmligthe maidir le nochtadh seachtrach dóiteáin - déanfar athbhreithniú ar dhíonta agus ar ábhar dín chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh tionchar a bheith ag riachtanais fhéideartha fhine táirgí 2 'Doirse, fuinneoga, comhlaí, geataí agus crua-earraí tógála gaolmhara' ar na socruithe tástála agus aicmithe (fuinneoga dín agus soilse dín). Cuirfidh an Coimisiún tús leis an obair ar iarraidh ar chaighdeánú le haghaidh caighdeán tástála dóiteáin aghaidhe a bheidh le glacadh in 2027. Beidh an obair sin bunaithe ar thabhairt chun críche an tionscadail maidir le cur chuige Eorpach chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht dóiteáin aghaidheanna[27].

3.2.2 Inbhuanaitheacht chomhshaoil

De réir Airteagal 15 den RTF, ní mór feidhmíocht inbhuanaitheachta comhshaoil an táirge le linn a shaolré a áireamh sa dearbhú feidhmíochta agus comhréireachta i ndáil leis na saintréithe fíor-riachtanacha comhshaoil réamhchinntithe a liostaítear in Iarscríbhinn II amhail poitéinseal téimh dhomhanda (iomlán, iontaise, bithghineach agus úsáid talún agus athrú ar thalamhúsáid). Leis an

[27] https://www.ri.se/en/expertise-areas/projects/european-approach-to-assess-the-fire-performance-of-facades

gcur chuige sin, soláthraítear cothrom iomaíochta toisc go mbeidh feidhm ag na modhanna measúnaithe maidir le gach táirge foirgníochta lena n-áirítear ábhair bhithbhunaithe.

Tá an Coimisiún ag tacú le dréachtú rialacha comhlántacha maidir le catagóirí táirgí (c-PCR)[28]. Leis sin, cuirfear dlús le forbairt an ábhair theicniúil is gá chun forálacha inbhuanaitheachta comhshaoil an RTF a chur chun feidhme agus áiritheofar leis comhsheasmhacht agus seachadadh tráthúil caighdeán. Úsáidfear an obair in iarrataí ar chaighdeánú agus i rialacha maidir le catagóirí táirgí amach anseo. Is é an sprioc chríochnaitheach creat teicniúil comhsheasmhach a sholáthar chun measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht comhshaoil táirgí foirgníochta.

Sheol an Coimisiún glao ar thairiscintí le haghaidh tacair sonraí chúlra chun an fheidhmíocht chomhshaoil a ríomh. Is é is aidhm don tionscadal tacair sonraí chúlra Eorpacha a bhunú do mhonaróirí. Tosóidh sé le sonraí a sholáthar do na chéad chaighdeáin chomhchuibhithe lena n-áirítear an inbhuanaitheacht comhshaoil agus leathnófar é chun tuilleadh finte táirgí a chumhdach sna blianta amach romhainn.

Tá sé i gceist tacair sonraí chúlra a úsáid go héigeantach sna cásanna sin nach bhfuil sonraí a bhaineann go sonrach le cuideachta, lena n-áirítear freisin na sonraí ardcháilíochta a ghintear i gcur chun feidhme chóras trádála astaíochtaí an Aontais (CTA) le haghaidh mórshuiteálacha, ar fáil go héasca nó go bhfuil sé costasach iad a fháil. Chun ‘siopadóireacht sonraí’ a sheachaint (i.e. na sonraí sin a léiríonn an táirge ar an mbealach is fearr a roghnú), beidh tacair sonraí chúlra de chineál coimeádach.

Tá cur chun feidhme an mheasúnaithe inbhuanaitheachta comhshaoil á phlé ag an bhFoghrúpa um Inbhuanaitheacht Comhshaoil freisin, go háirithe a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme aonchineálach AVS 3+ agus forbairt á déanamh aige ar na rialacha maidir le gníomhartha tarmligthe a bheidh ann amach anseo maidir leis an dearbhú gan na buntréithe a bhaineann le hinbhuanaitheacht comhshaoil a thástáil.

Glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe lena n-aithneofar úsáid sonraí an CTA mar ionchur don mheasúnú inbhuanaitheachta comhshaoil le haghaidh na ngrúpaí táirgí sin, i gcás ina bhféadfaí sciar nach beag de na hastaíochtaí saolré a chumhdach le sonraí agus modheolaíocht an CTA. Áiritheofar leis sin cur chuige comhchuibhithe maidir le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus laghdófar an t-ualach riaracháin ar mhonaróirí.

3.2.3 Substaintí contúirteacha

Glacfaidh an Coimisiún iarraidh ar chaighdeánú in 2026 chun modhanna measúnaithe breise a áireamh atá ag comhlánú na n-ionstraimí atá ann cheana chun measúnú a dhéanamh ar ábhar nó ar astaíochtaí i dtáirgí foirgníochta nó uathu. Díreofar an obair sin ar shubstaintí agus ábhair bhreise (e.g. micreaphlaistigh) agus ar mhodhanna measúnaithe a chur leis (chun na modhanna atá ann cheana maidir le hastaíochtaí / ábhar substaintí contúirteacha a chomhlánú / a dhiúltú) chun oiriúnú do reachtaíocht nua an Aontais agus do cheanglais náisiúnta.

[28] trí ghlao EISMEA SMP-STAND-2025-ESOS-01-IBA topaic 24 Tacaíocht do ghníomhaíochtaí um Chaighdeánú a dhéanann CEN, CENELEC agus ETSI - an Coimisiún Eorpach

3.3 An pas táirge digiteach (DPP) - faisnéis faoi gach cuid den slabhra luacha

Is príomhcholún den Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta é an pas táirge digiteach. Beidh pas táirge digiteach ag gach táirge a rialaítear le sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe nó le EADanna faoin RTF (ní RTF-2011) tráth a bheidh an DPP i bhfeidhm agus a bheidh sé éigeantach trí ghníomh tarmligthe. Soláthrófar leis an DPP rochtain ar shonraí do ghnólachtaí, do thomhaltóirí agus d'údaráis phoiblí, bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta oscailte agus neamhdhílsithe. Tá tús curtha ag an gCoimisiún leis an bpróiseas caighdeánaithe chun rialacha a shocrú maidir le hiompróirí sonraí, bonneagar agus idir-inoibritheacht sonraí, rialacha a bhfuil gá leo chun gur féidir an córas pasanna táirge a fhorbairt. Áiritheofar leis an bpas táirge digiteach inrianaitheacht feadh an tslabhra luacha tar éis an táirge a chur ar an margadh. Cuirfidh sé sin go mór le digiteáil chomhleanúnach an éiceachóras na foirgníochta. Tacóidh sé le cur chun feidhme na Treorach maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh[29], le húsáid Logleabhair Foirgnimh Dhigiteacha, agus le Samhlacha Faisnéise Foirgnimh (BIM). Áireofar ann faisnéis faoi na saintréithe agus na hábhair fhíor-riachtanacha, mar aon le faisnéis faoin gcaoi ar féidir an táirge a úsáid, a dheisiú, a athúsáid, a athchúrsáil agus a dhiúscairt go sábháilte. Éascóidh sé sin saolré táirgí ó cheann go ceann a bhainistiú.

3.4 Tomhaltóirí agus gairmithe a chumhachtú: faisnéis ghinearálta faoi tháirgí, treoracha úsáide agus faisnéis sábháilteachta agus lipéid fhaisnéiseacha

Tá an RTF dírithe go mór ar fhaisnéis faoi tháirgí. Sainítear le hIarscríbhinn IV ábhar na faisnéise faoi tháirgí. Iarrfaidh an Coimisiún ar na heagraíochtaí um chaighdeánú sna hiarrataí ar chaighdeánú treoraíocht a dhréachtú do mhonaróirí maidir leis an gcaoi ar féidir na hoibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh.

I gcás táirgí a roghnaíonn tomhaltóirí, leagtar amach san RTF gur féidir lipéid éigeantacha inbhuanaitheachta comhshaoil a thabhairt isteach chun cuidiú le tomhaltóirí roghanna eolasacha a dhéanamh agus an t-athrú iompraíochta a spreagadh. Is féidir leis sin cuidiú le tairbhí inbhuanaitheachta comhshaoil an RTF a sholáthar agus an leibhéal is féidir a bhaint amach á shárú trí íosfheidhmíochtaí a rialáil.

Amach anseo, is iondúil go soláthrófar an fhaisnéis sin sa phas táirge digiteach. Féadfaidh lipéad ESPR agus / nó lipéid eile a rialaítear le reachtaíocht shonrach an Aontais a bheith ar roinnt táirgí freisin. Soláthrófar leis na lipéid sin faisnéis shoiléir iontaofa faoi ghnéithe nó feidhmíocht táirge ábhartha amhail lorg carbóin, ábhar bithbhunaithe, tomhaltas uisce, marthanacht, indeisitheacht nó in-athchúrsáilteacht.

Beidh sé de chúram ar Fhoghrúpaí *acquis* an RTF mar chuid dá gcuid oibre ar na finte táirgí agus ar an bhFoghrúpa cothrománach maidir le hinbhuanaitheacht comhshaoil na táirgí foirgníochta ar cheart lipéid den sórt sin a bhunú ina leith a shainaithint. Sa mheasúnú sin, cuirfidh na Foghrúpaí lipéid atá ann cheana san áireamh bunaithe ar reachtaíocht an Aontais chun forluí agus teachtaireachtaí mearbhlach do thomhaltóirí a sheachaint.

[29] Treoir (AE) 2024/1275 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (athmhúnlú), IO L, 2024/1275, 8.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1275/oj

Fógraíodh sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan go dtabharfaí isteach lipéad éigeantach maidir le stroighin (taispeáint phoitéinsil téimh dhomhanda) nuair a bheidh na caighdeáin nua stroighne éigeantach[30].

3.5 Soláthar poiblí glas

Déantar foráil leis an RTF maidir leis an bhféidearthacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena leagtar síos íoscheanglais éigeantacha inbhuanaitheachta comhshaoil le haghaidh táirgí foirgníochta i nósanna imeachta soláthair phoiblí aon uair atá na táirgí a rialaítear le caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha do cheannaitheoirí poiblí agus a bhfuil sé indéanta go heacnamaíoch dóibh na táirgí is fearr atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil a cheannach. Ceapadh na bearta sin chun cruthú margaí tosaigh a chothú, infheistíochtaí a spreagadh agus cuidiú le tionscal an Aontais feabhas a chur ar a iomaíochas i gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan. Seolfaidh an Coimisiún an chéad mheasúnú tionchair faoi dheireadh 2026.

Ní mór an t-athbhreithniú ar an gcreat dlíthiúil soláthair phoiblí agus ar an nGníomh um Dhlús a Chur le Gníomhaíocht Thionsclaíoch atá ar na bacáin a chur san áireamh sna bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh.

4 BEARTA A BHAINEANN LE FINTE TÁIRGÍ

Baineann croílár na hoibre le finte táirgí. Cuirtear i láthair i dtábla 3 seo a leanas na gníomhaíochtaí uile atá beartaithe agus na gníomhaíochtaí leanúnacha uile le linn thréimhse an phlean oibre ó 2026 go 2029 le haghaidh na bhfinte táirgí uile a shórtáiltear de réir an oird a bhunaítear i dtábla 2. Eagraítear na finte táirgí faoi thús (réamh-mheasta) obair an *acquis*. Is dátaí táscacha iad na dátaí uile.

Míniú ar an tábla:

- Cód na fine táirgí - cód trí litir a shanntar in *acquis* an RTF
- Garsprioc I - doiciméad Gharsprioc I a sheachadadh: táirgí atá le cumhdach
- Garsprioc III - Doiciméad Gharsprioc III a sheachadadh: saintréithe fíor-riachtanacha, aicmí, tairseacha, faisnéis ghinearálta faoi tháirgí, treoracha úsáide agus faisnéis sábháilteachta agus réamhábhar le haghaidh ceanglais táirge (nuair is infheidhme).
- Iarraidh ar chaighdeánú - dréacht-iarraidh ar chaighdeánú arna cur faoi bhráid an Choiste Eorpaigh um Chaighdeánú chun vóta a chaitheamh.
- Sprioc-am seachadta caighdeán - seachadadh na gcéad chaighdeáin a bhfuiltear ag súil leis san iarraidh ar chaighdeánú, dátaí sonracha do gach táirge insoláthartha le plé
- An caighdeán a dhéanamh éigeantach agus an gníomh tarmligthe a ghlacadh - dáta glactha an ghnímh cur chun feidhme lena ndéantar na caighdeáin éigeantach agus an gníomh tarmligthe lena mbunaítear aicmí, tairseacha, dearbhú éigeantach, etc. a bhaineann leis.

[30] An Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan: Treochlár comhpháirteach don iomaíochas agus don dícharbónú COM/2025/85 final https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:52025DC0085

— An gníomh tarmligthe maidir leis na ceanglais táirge - dáta glactha an ghnímh tharmligthe lena mbunaítear na ceanglais táirge. Féadfar iarraidh ar chaighdeánú a dhéanamh ina dhiaidh sin chun caighdeáin chomhchuibhithe dheonacha a fhorbairt chun toimhde comhréireachta leis na ceanglais a sholáthar

— Faisnéis bhreise - faisnéis ábhartha eile atá le cur san áireamh amhail an obair ullmhúcháin i ngarsprioc 0 a seoladh i roinnt grúpaí.

Tábla 3: Bearta a bhaineann le finte táirgí

Uimh. na Fine Táirgí in Iarscríbhinn VII.	Fine Táirgí	Cód	Garsprioc I	Garsprioc III	Iarraidh ar chaighdeánú	Caighdeáin a sheachadadh sprioc-am	Caighdeáin éigeantach agus glacadh an ghnímh tharmligthe	An gníomh tarmligthe maidir leis na ceanglais táirge	Fáisnéis bhreise
1	táirgí coincréite réamhtheilgthe normálta/éadroma/aeraithe uathchlábhaithe	PCR	críochnaithe	críochnaithe	R2 2025	R4 2025	R4 2025	níl	aithris faoi RTF-2011
20	táirgí miotalacha struchtúracha agus gabhálais	SMP	críochnaithe	críochnaithe	R3 2025	R4 2025	R2 2026	níl	aithris faoi RTF-2011; maidir le caighdeáin nach ndéantar a sheachadadh nó nach gcomhlíonann na caighdeáin, beidh SReq. nua ann faoin RTF in R2 2026 lena ngabhfaidh sprioc-am seachadta in R3 2027
2	doirse, fuinneoga, comhlaí, geataí agus crua-earraí tógála gaolmhara	DWS	críochnaithe	críochnaithe	R1 2026	2028	2029	2029	sainaithníodh ceanglais táirge maidir le crua-earraí foirgníochta agus bunófar iad le gníomh tarmligthe. Baineann sé sin le ceanglais maidir le bealaí éalaithe
16	cruach threisiúcháin agus réamhstrusála do choincréit (agus gabhálais) - pacáistí feistiúcháin iartheannta	RPS	críochnaithe	R4 2025	R2 2026	2029	2029	á phlé	
15	stroighin, aolta tógála agus greamaitheoirí hiodrálacha eile	CEM	críochnaithe	críochnaithe	R3 2025	R3 2027	R4 2027	níl	An Coimisiún le EADanna a iarraidh le haghaidh stroighin nuálach & a ghníomhachtaítear le halcaile R1 2026 iarraidh ar chaighdeánú le haghaidh stroighin a ghníomhachtaítear le halcaile R4 2027
4	táirgí inslithe theirmigh - pacáistí feistiúcháin / córais um insliú chomhchodach	TIP	críochnaithe	leanúnach	R3 2026	2029	2029	á phlé	
30	gloine chomhréidh, gloine phróifilithe agus táirgí bloic gloine	GLA	críochnaithe	leanúnach	R1 2026	2028	2029	2028	sainaithníodh ceanglais táirge agus bunófar iad le gníomh tarmligthe
6	simléir, múcháin agus táirgí sonracha	CHI	críochnaithe	leanúnach	R3 2026	2028	2028		simléir a sheasann eisiata
13	táirgí/eilimintí adhmaid struchtúracha agus gabhálais	STP	leanúnach	R1 2026	R3 2026	2029	2029		

Uimh. na Fine Táirgí in Iarscríbhinn VII.	Fine Táirgí	Cód	Garsprioc I	Garsprioc III	Iarraidh ar chaighdeánú	Caighdeáin a sheachadadh sprioc-am	Caighdeáin éigeantach agus glacadh an ghnímh tharmligthe	An gníomh tarmligthe maidir leis na ceanglais táirge	Fáisnéis bhreise
14	painéil de bhunús adhmaid agus eilimintí	WBP	leanúnach	R1 2026	R4 2026	2029			
26	táirgí a bhaineann le coincréit, le moirtéal agus le leachtmhoirtéal	CMG							
17	saoirseacht agus táirgí gaolmhara - aonaid saoirseachta, moirtéil agus gabhálais	MAS	leanúnach	R2 2026	R1 2027				
24	tathaguithe	AGG	leanúnach	R2 2026	R1 2027	2029			
9	Iimbhalla/cumhdach/gloiniú structúrach séalaithe	CWP	críochnaithe	R2 2026	R4 2026	2029			
10	Ttrealamh comhraicthe dóiteáin feistithe (táirge aláraim dóiteáin/braite dóiteáin, táirge comhraicthe dóiteáin feistithe, táirge rialaithe dóiteáin agus deataigh agus táirge plúchta pléisce)	FFF	R2 2026	R1 2027	R3 2027				
23	táirgí tógála bóithre (asfalt etc.)	RCP	R1 2026	R3 2026	2027				
19	urlárlaigh	FLO	R2 2026	R4 2026	2027				garsprioc 0 ag obair cheana féin ar mhodhanna tástála le haghaidh seasmhacht in aghaidh sciorrtha[31]
34	pacáistí feistiúcháin foirgníochta, aonaid agus eilimintí réamhdhéanta	KAS	R2 2026	R2 2027	2027				lena n-áirítear fine 36. Más iomchuí, roinntear an obair sin i roinnt sruthanna oibre le hamlínte éagsúla. Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún EADanna a iarraidh le haghaidh pacáistí nuálacha
21	bailchríocha do bhallaí inmheánacha & seachtracha agus do shíleálacha - pacáistí feistiúcháin spiara inmheánaigh	WCF	R3 2026	R3 2027	2028				
7	táirgí gipsim	GYP	R3 2026	R3 2027	2028				

[31] SMP-STAND-2024-ESOS-01-IBA topaic 19

Uimh. na Fine Táirgí in Iarscríbhinn VII.	Fine Táirgí	Cód	Garsprioc I	Garsprioc III	Iarraidh ar chaighdeánú	Caighdeáin a sheachadadh sprioc-am	Caighdeáin éigeantach agus glacadh an ghnímh tharmligthe	An gníomh tarmligthe maidir leis na ceanglais táirge	Fáisnéis bhreise
5	imthacaí struchtúracha - pionnaí le haghaidh siúntaí struchtúracha	SBE	R4 2026	R4 2027	2028				
27	fearais téimh spáis agus fearais téimh agus fuaraithe eile	SHA	R4 2026	R4 2027	2028				rialaítear cuid de na táirgí freisin le hÉicidhearthóireacht/ESPR, déanfar an obair a ailíniú leis na gníomhaíochtaí ann
22	clúdaigh dín, soilse dín, fuinneoga dín, agus táirgí coimhdeacha - pacáistí dín, grianphainéil	ROC	2027	2027	2028				Rialaítear grianphainéil le hÉicidhearthóireacht/ESPR, déanfar an obair a ailíniú leis na gníomhaíochtaí ann
12	daingneáin chúrsaíochta: trealamh bóithre (péinteanna, comharthaí tráchta, córais srianta bóithre)	CIF	2027	2027	2028				garsprioc 0 ar siúl cheana féin chun modh measúnaithe a fhorbairt le haghaidh córais srianta bóithre[32]
18	táirgí innealtóireachta fuíolluisce	WWD	2027	2028					
25	greamacháin foirgníochta	ADH	2027	2028	2029				
32	séaltáin do shiúntaí	SEA	2027	2028	2029				
35	táirgí coiscthe, dúnta agus cosanta dóiteáin, táirgí dómhoillitheacha - táirgí dómhoillitheacha	FPP	2028	2028	2029				
33	suitigh	FIX	2028	2028					
3	scannáin, lena n-áirítear scannáin leachtchurtha agus pacáistí feistiúcháin (i gcomhair rialú ar uisce agus/nó galuisce)	MEM	2028	2028					
8	geoiteicstílí, geoscannáin agus táirgí gaolmhara	GEO	2028	2028					
11	fearais sláintíochta	SAP	2028	2029					
28	píopaí-umair agus gabhálais nach bhfuil i dteagmháil le	PTA	2028	2029					

[32] SMP-STAND-2024-ESOS-01-IBA topaic 17

Uimh. na Fine Táirgí in Iarscríbhinn VII.	Fine Táirgí	Cód	Garsprioc I	Garsprioc III	Iarraidh ar chaighdeánú	Caighdeáin a sheachadadh sprioc-am	Caighdeáin éigeantach agus glacadh an ghnímh tharmligthe	An gníomh tarmligthe maidir leis na ceanglais táirge	Fáisnéis bhreise
	huisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine								
29	táirgí foirgníochta atá i dteagmháil le huisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine	DWP							
31	cáblaí cumhachta, rialaithe agus cumarsáide	CAB	2029	2029					
nua	péinteanna maisiúla agus páipéir balla mhaisiúla		2029						déanfar an obair a ailíniú leis an dara plean oibre den ESPR
6	simléir, múcháin agus táirgí sonracha	CHI	2029						lena n-áirítear simléir a sheasann amháin